**Snáithe 1: Pobail Ísealcharbóin a Thógáil, Critéir Mheastóireachta**

| Critéir Roghnúcháin | Ualú | Bunús le haghaidh Measúnaithe |
|---|---|---|
| **Ábharthacht agus tionchar** | 30% | Comhlíonann an tionscadal cuspóir Shnáithe 1 chun pobal ísealcharbóin a mhúnlú agus a thógáil, agus is féidir leis tionchar an tionscadail a léiriú go soiléir maidir le cur le spriocanna aeráide agus fuinnimh na hÉireann. |
| **Nuálaíocht agus inscálaitheacht** | 20% | Tá nuálaíocht(aí) agus/nó cuir chuige phraiticiúla sa tionscadal. D'fhéadfaí é a mhéadú nó a mhacasamhlú i bpobail eile tar éis an mhaoinithe. Tá tionchar marthanach ag an tionscadal. |
| **Luach ar airgead** | 20% | Tá na costais a ndéantar iarratas orthu réasúnach, léiríonn siad úsáid éifeachtach acmhainní agus tá siad ar cóimhéid le cáilíocht agus nádúr na ngníomhaíochtaí atá beartaithe.<br><br>Sainaithnítear aschuir agus torthaí réalaíocha, sainiúla agus ábhartha, atá ar cóimhéid leis an leibhéal infheistíochta. |
| **Indéantacht** | 10% | Tá an saineolas cuí ag an eagraíocht/comhpháirtíocht chun an tionscadal beartaithe a sheachadadh. Tá an togra soiléir agus comhleanúnach agus is féidir é a sheachadadh laistigh den achar ama. Sonraítear garspriocanna tábhachtacha agus mínítear conas a dhéanfar monatóireacht orthu. |
| **Cur chuige comhpháirtíochta** | 10% | Leagtar amach go soiléir róil agus freagrachtaí Comhpháirtithe/Cuibhreannais agus comhaontuithe comhpháirtíochta i bhfeidhm (nuair is cuí).<br><br>Léiríonn an togra conas a bheidh na príomhpháirtithe leasmhara ar fad páirteach i bpleanáil agus i gcur chun feidhme an togra. |
| **Socruithe rialachais** | 10% | Tá aon chórais, rialuithe agus próisis rialachais agus bainistíochta airgeadais riachtanacha i bhfeidhm chun ceanglais an chláir a chomhlíonadh.<br><br>Nuair is infheidhme, soláthraítear fianaise ar chomhlíonadh cánach agus ar chlárú le comhlachtaí ábhartha. Soláthraítear sonraí maidir le cuntas teiste a bhaineann le maoiniú stáit eile a bhainistiú. |
| | 100% | |

**Snáithe 1a: Clár Pobail um Ghníomhú ar son na hAeráide an Oileáin Chomhroinnte, Critéir Mheastóireachta**

| Critéir Roghnúcháin | Ualú | Bunús le haghaidh Measúnaithe |
|---|---|---|
| **Ábharthacht agus tionchar an Oileáin Chomhroinnte** | 30% | Comhlíonann an tionscadal cuspóir Shnáithe 1a chun pobal ísealcharbóin a mhúnlú agus a thógáil, agus is féidir leis an tionchar atá ag an tionscadal a léiriú go soiléir maidir le cur le spriocanna aeráide agus fuinnimh ar bhonn trasteorann ar oileán na hÉireann agus na cuspóirí inbhuanaitheachta sa chaibidil 'Oileán Comhroinnte' den Phlean Forbartha Náisiúnta athbhreithnithe. |
| **Nuálaíocht agus inscálaitheacht** | 20% | Tá nuálaíocht(aí) agus/nó cuir chuige phraiticiúla sa tionscadal. D'fhéadfaí é a mhéadú nó a mhacasamhlú i bpobail eile tar éis an mhaoinithe. Tá tionchar marthanach ag an tionscadal. |
| **Luach ar airgead** | 20% | Tá na costais a ndéantar iarratas orthu réasúnach, léiríonn siad úsáid éifeachtach acmhainní agus tá siad ar cóimhéid le cáilíocht agus nádúr na ngníomhaíochtaí atá beartaithe.<br><br>Sainaithnítear aschuir agus torthaí réalaíocha, sainiúla agus ábhartha, atá ar cóimhéid leis an leibhéal infheistíochta. |
| **Indéantacht** | 10% | Tá an saineolas cuí ag an eagraíocht/comhpháirtíocht chun an tionscadal beartaithe a sheachadadh. Tá an togra soiléir agus comhleanúnach agus is féidir é a sheachadadh laistigh den achar ama. Sonraítear garspriocanna tábhachtacha agus mínítear conas a dhéanfar monatóireacht orthu. |
| **Cur chuige comhpháirtíochta trasteorann** | 10% | Leagtar amach go soiléir róil agus freagrachtaí Comhpháirtithe/Cuibhreannais agus comhaontuithe comhpháirtíochta i bhfeidhm (nuair is cuí). Léiríonn an togra conas a bheidh na príomhpháirtithe leasmhara ar fad páirteach i bpleanáil agus i gcur chun feidhme an togra.<br><br>Léiríonn an togra conas a bheidh na príomhpháirtithe leasmhara ar fad páirteach i bpleanáil agus i gcur chun feidhme an togra.<br><br>Áiríonn an togra comhpháirtí amháin ar a laghad i dTuaisceart Éireann, mar aon le 50% den mhaoiniú ar a laghad i dTuaisceart Éireann. |
| **Socruithe rialachais** | 10% | Tá aon chórais, rialuithe agus próisis rialachais agus bainistíochta airgeadais riachtanacha i bhfeidhm chun ceanglais an chláir a chomhlíonadh.<br><br>Nuair is infheidhme, soláthraítear fianaise ar chomhlíonadh cánach agus ar chlárú le comhlachtaí ábhartha. Soláthraítear sonraí maidir le cuntas teiste a bhaineann le maoiniú stáit eile a bhainistiú. |
| | 100% | |